An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí JuniorCYCLE for teachers

**Na Gnéithe Cáilíochta – Imscrúdú Staitisticiúil**

Is ionann na Gnéithe Cáilíochta agus critéir a leagtar síos chun leibhéal gnóthachtála scoláire amheas i Measúnú Rangbhunaithe (MRB). Anseo thíos, tá cur síos ar na Gnéithe Cáilíochta don Imscrúdú Staitisticiúil.

| Na Gnéithe Cáilíochta don Imscrúdú Staitisticiúil | Níor chomhlíon na hionchais go fóill | Ag teacht leis na hionchais | Os cionn na n-ionchas | Thar barr ar fad |
|---|---|---|---|---|
| An t-imscrúdú a cheapadh | Úsáidtear ceist staitistiúil a tugadh don scoláire agus modh bailithe | Cuirtear ceist a bhíonn ag súil le hinathraitheacht agus beartaítear na cineálacha sonraí atá oiriúnach don cheist a cuireadh a bhailiú/a aimsiú | Cuirtear ceist a bhíonn ag súil le hinathraitheacht agus a lorgaíonn ginearálú; léirítear feasacht sa phlean bailithe sonraí ar an gcaoi a n-imríonn inathraitheacht tionchar ar chomh bailí agus chomh hiontaofa agus atá na torthaí | Cuirtear ceist a bhíonn ag súil le hinathraitheacht agus a lorgaíonn ginearálú, eascróidh torthaí iontaofa agus bailí as ceapadh an staidéir chomh fada agus is praiticiúil trí inathraitheacht agus athróga maolaithe a chur san áireamh |
| Na hathróga inspéise a shainaithint | Bailítear agus taispeántar sonraí | Sainaithnítear athróga agus forbraítear straitéis tomhais chun an athróg spleách agus an athróg neamhspleách a thomhas | Eascróidh sonraí bailí agus iontaofa as an straitéis tomhais a roghnaítear | Déantar cur síos ar an ngaol atá idir na hathróga agus déantar cur síos ar nithe a cuireadh san áireamh ar mhaithe le hiontaofacht agus le cothroime |
| Na sonraí a eagrú agus a bhainistiú | Déantar ráitis faoi na sonraí a thaispeántar | Taispeántar na sonraí ar bhealach a shainaithníonn patrúin, sainaithnítear patrúin agus déantar cur síos ar na sonraí i dtéarmaí na bpatrún sin | Úsáidtear taispeántais sonraí chuí agus déantar cur síos ar na sonraí i dtéarmaí thomhais an láir agus an leata | Úsáidtear dáiltí chun anailís a dhéanamh ar na sonraí agus cosnaítear tomhais an láir a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na sonraí |
| Achoimrí ar na sonraí a anailísiú agus a léirmhíniú | Ní dhéantar aon nasc nithiúil leis an gceist bhunaidh | Déantar nasc nithiúil le ceist bhunaidh an imscrúdaithe ach ní bhreathnaítear lasmuigh de na sonraí | Tuairiscítear ar na torthaí agus tagraítear don cheist bhunaidh sa chonclúid agus déantar iarracht sa chonclúid breathnú lasmuigh de na sonraí | Léirmhínítear na sonraí i ndáil leis an gceist bhunaidh; léirítear tuiscint sa chonclúid ar na srianta a bhaineann le ginearálú don daonra, agus meastar an gá atá leis an gceist bhunaidh a athcheapadh i bhfianaise na dtorthaí |

Ba chóir do mhúinteoirí breathnú ar na Treoirlínte Measúnaithe le linn an MRB agus an chruinnithe AFMÁ. Tá teacht ar na treoirlínte measúnaithe ar líne ag: www.curriculumonline.ie